C/2025/6728

16.12.2025

Fógra le haghaidh na n-ábhar sonraí atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2017/2074 ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2025/2586 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) 2017/2063 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2559 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Veiniséala

(C/2025/6728)

Dírítear aird na n-ábhar sonraí ar an bhfaisnéis seo a leanas i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1].

Is é is bunús dlí don oibríocht phróiseála sin Cinneadh (CBES) 2017/2074 ón gComhairle [2], arna leasú le Cinneadh (CBES) 2025/2586 ón gComhairle [3], agus Rialachán (AE) 2017/2063 ón gComhairle [4], arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2559 ón gComhairle [5] a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Veiniséala.

Is í Roinn RELEX.1 san Ard-Stiúrthóireacht um an gCaidreamh Seachtrach – (RELEX) Ardrúnaíocht na Comhairle (an Ardrúnaíocht) rialaitheoir na hoibríochta próiseála seo, agus is féidir dul i dteagmháil leis an roinn sin ag:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Is féidir dul i dteagmháil le hOifigeach Cosanta Sonraí na hArdrúnaíochta ag:

An tOifigeach Cosanta Sonraí
data.protection@consilium.europa.eu

Tá sé mar chuspóir ag an oibríocht phróiseála liosta na ndaoine atá faoi réir na mbeart sriantach a bhunú agus a nuashonrú i gcomhréir le Cinneadh (CBES) 2017/2074, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2025/2586, agus Rialachán (AE) 2017/2063, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2559 a bhaineann le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine.

Is daoine nádúrtha iad na hábhair sonraí sin a chomhlíonann na critéir maidir le liostú arna leagan síos i gCinneadh (CBES) 2017/2074 agus i Rialachán (AE) 2017/2063.

Áirítear ar na sonraí pearsanta arna mbailiú na sonraí is gá chun an duine lena mbaineann a shainaithint i gceart, an ráiteas ar chúiseanna agus aon sonraí eile a bhaineann leis.

Féadfar pé sonraí pearsanta a bhaileofar a chomhroinnt, de réir mar is gá, leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus leis an gCoimisiún.

Gan dochar do shrianta dá bhforáiltear de bhun Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2018/1725, déanfar feidhmiú chearta na n-ábhar sonraí, amhail an ceart rochtana, chomh maith leis na cearta chun ceartúcháin nó an ceart chun agóid a dhéanamh, a fhreagairt i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725.

(1) IO L 295, 21.11.2018, lch. 39.
(2) IO L 295, 14.11.2017, lch. 60.
(3) IO L, 2025/2586, 16.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2586/oj.
(4) IO L 295, 14.11.2017, lch. 21.
(5) IO L, 2025/2559, 16.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/2559/oj.

Coimeádfar sonraí pearsanta ar feadh 5 bliana ón uair a bhaintear an t-ábhar sonraí de liosta na ndaoine atá faoi réir na mbeart sriantach nó ón uair a théann bailíocht an bhirt in éag, nó ar feadh ré na n-imeachtaí cúirte i gcás tús a bheith curtha leo.

Gan dochar d'aon leigheas breithiúnach, riaracháin nó neamhbhreithiúnach, féadfaidh ábhair sonraí gearán a thaisceadh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 (edps@edps.europa.eu).